# HOMEWORK FOR MAY 7

## Fill In The Drama

The following exercises are taken from Tuairisc, their learners' section. Very simply, they are two dialogues, but we only see what one person says in each one.

For next time, come up with your own script to fill in the blanks.

**#1. Tá Garda ag siúl síos an bóthar agus feiceann sé déagóir ag iarraidh glas a bhaint de rothar. **

Garda:

Déagóir: Tada. Táim ag feitheamh anseo ar dhuine éigin.

Garda:

Déagóir: Is liom, ach ní féidir liom an glas a bhaint de mar tá an eochair caillte agam. Táim tar éis glaoch a chur ar m'athair agus beidh sé anseo sula i bhfad.

Garda:

**#2. Tá an príomhoide ag glaoch ar mháthair Sheáin. **

Príomhoide: An tusa máthair Sheáin Uí Chonchúir?

Máthair:

Príomhoide: Bhuel tharla eachtra sa chlós ar maidin agus theastaigh uaim í a phlé leat.

Máthair:

Príomhoide: Bhuel dealraíonn sé gur mhaslaigh duine éigin Seán agus gur bhuail sé an scoláire eile.

Máthair:

Príomhoide: Ní theastaíonn uaim é sin a rá ag an bpointe seo. Táim ag glaoch ort le cuireadh a thabhairt duit teacht isteach go dtí an scoil leis an rud ar fad a phlé agus teacht ar réiteach.

Máthair:

Príomhoide: Faoi mar a dúirt mé cheana féin ní theastaíonn uaim é sin a phlé ag an bpointe seo. An oirfeadh sé duit teacht isteach chun na scoile an Mháirt seo chugainn?

Máthair:

Príomhoide: Ní dúirt mé gurbh é Tomás a bhí ann agus ní haon réiteach é an foréigean is cuma cad dúradh leis. Anois an bhfuil tú sásta teacht isteach agus an t-ábhar seo a phlé? Ní theastaíonn uaim go gcothófaí fadhbanna sa rang, go mór mór agus iad i mbliain na hArdteiste.

Máthair:

Príomhoide: Ó! Is dóigh liom go bhfuil an duine mícheart agam.